

## Paisean Faisean: Réamhobair

**A** Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An gcaitheann tú éide scoile?
- Déan cur síos ar na héadaí atá ort faoi láthair.
- An rud maith é éide scoile a bheith éigeantach, dar leat?

**B** Isteach linn sa vardrús! Cuir na héadaí thíos sa cholún cuí thíos.

barréide	scaif shíoda	sciorta	carbhat	mála láimhe	stocaí
beilt / crios	fáinní cluaise	seaicéad	cíochbheart	muince	treabhsar
blús	jobhríste dornálaí	slabhra	cóta báistí	riteoga	veist
bráisléad	gúna	slipéir	cuaráin	sálaí arda	geansaí
brístí beaga	hata	sparán	buataisí	léine	spéaclaí gréine

Fo-éadaí	Éadaí don taobh amuigh	Gabhálais	Bróga

*Paisean Faisean: Réamhobair (ar lean)*

## C

Cuir tic leis an bhfreagra ceart thíos.

1. Tá sé ag báisteach amuigh – cuir ort \_\_\_\_\_!  
 do bhróga sálaí arda  
 do chóta báistí  
 do charbhat
2. Bíonn sí gléasta go barr na méar i gcónaí – tá sí ina sclábhaí \_\_\_\_\_!  
 ag an obair  
 ag an bhfaisean  
 ag cnaipí
3. Tá Seán ag caitheamh \_\_\_\_\_ mar tá agallamh aige inniu.  
 brístí géine  
 sciorta  
 culaithe
4. Is breá liom \_\_\_\_\_ - fáinní cluaise, muincí, rud ar bith mar sin.  
 smídeadh  
 scaifeanna  
 seodra
5. Déantar criosanna as \_\_\_\_\_ den chuid is mó.  
 leathar  
 plaisteach  
 cadás



## Paisean Faisean: Mír a hAon

**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

Céard a roghnaíonn na buachaillí do Gemma?

barr uaine	gúna bándearg	sciorta uaine agus corcra
sciorta dubh	muince gorm	bróga airgid sálaí arda
cóta bán	cairdeagan corcra	buataisí svaeid gorma



Liam

  
  



Gavin

  
  



Seán

  
  

**B** Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Céard é do stíl phearsanta féin?
- An bhfuil cúrsaí faisin tábhachtach, dar leat?
- An fiú éadach dearthóra a cheannach?
- An bhféachann tú ar chláir faisin ar an teilifís?
- Cé na siopaí éadaigh is fearr leat?
- An gcaitheann tú go leor airgid ar éadaí?
- An gcaitheann tú seodra? Cén fáth?
- An gcaitheann tú hataí? Cén fáth?



## Paisean Faisean: Mír a Dó

**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**1. Céard a cheapann Gemma faoi chulaith a haon?**

- ní théann na píosaí difriúla go maith le chéile
- ba mhaith léi tuilleadh seodra
- ní thaitníonn sé léi in aon chor

**2. Céard nach gcuirfeadh Gemma le chéile i gculaith a dó?**

- na bróga agus an sciorta
- an barr agus an sciorta
- na dathanna

**3. Céard nach luann Gemma i measc na rudaí a thaitníonn léi faoi chulaith a trí?**

- an cruth
- an bogha
- an dath
- an gearradh

**B** Déan suirbhé ar na ráitis thíos i do ghrúpa/rang. An bhfuil tusa cosúil nó difriúil le formhór na ndaoine eile?

- Léiríonn mo chuid éadaigh mo phearsantacht.
- Déanaim iarracht le mo chuid éadaigh an chuid is mó den am.
- Is breá liom siopadóireacht.
- Is cuma liom faoi chúrsaí faisin – tá stíl phearsanta an duine i bhfad níos tábhachtaí.
- Tá an compord níos tábhachtaí ná a bheith ag breathnú go maith.
- Chaithfinn éadach athláimhe.
- Caithim an stíl chéanna le mo chuid cairde.

**A** Focail chomhchiallacha.

Tá cuid de na focail sa mhír measctha suas. Éist leis an mír agus líon na bearnaí leis an leagan ceart den fhocal. Tá an chéad cheann déanta duit.

Gemma, **gabh i leith**. [rat mchaa]: TAR AMACH

Gemma, tá tú ag breathnú **go haoibhinn**. [og láninah] □□ □□□□□□□□

**Míle buíochas**, a Aoife. [og bhair aimth taga] □□ □□□□□ □□□□□ □□□□□

Anois, an bhféadfadh an buachaill a **phioc** an chulaith álainn seo **seasamh amach** le do thoil?

[ghairoghn] / [chetat nuhc nicn] □□□□□□□□□□ / □□□□□□ □□□□ □□□□□

Agus 'sé Gavin atá ann!

Agus Gavin, céard a **mheasann** tú faoin gculaith uirthi? [a peacannh] □ □□□□□□□□□

Tá sí **gleoite**. [ánlagat] □□□□□□□□

An rachaidh tú ag siopadóireacht arís do bhean?

Ní rachaidh, ní rachaidh!

**B** Rólimirt

Glac ceann de na rólanna thíos. Cuir tú féin in aithne don dream eile i do ghrúpa agus mínigh do stíl phearsanta féin don ghrúpa. Abair leis an ngrúpa freisin cén locht atá agatsa ar an gcur chuige faisin atá acu féin.

**Ról A – Dearthóir éadaí ardfhaisin**

**Ról B – Dearthóir éadaí spóirt**

**Ról C – Punc-racaire**

**Ról D – Duine nach gcuireann spéis ar bith i gcúrsaí faisin**